

12 Bealtaine 2012

Nóiméad amháin ciúnais ar fud na tíre in ómós dóibh siúd a d'fhulaing le linn an Ghorta Mhóir

An tseachtain seo, mar chomhartha ómóis agus mar aitheantas dóibh siúd a fuair bás nó a d'fhulaing le linn an Ghorta Mhóir, beidh nóiméad amháin de mhachnamh ciúin ag imeachtaí poiblí ar fud na tíre. Cuireann Éamon Ó Cuív, an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Cathaoirleach ar Choiste Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir, fáilte roimh an gcinneadh atá déanta ag scoileanna, eagraíochtaí spóirt, údaráis áitiúla, grúpaí pobail agus eagraíochtaí reiligiúnacha tacú le Lá Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir 2009.

Tógfaidh daltaí i ngach bunscoil agus meánscoil nóiméad ag meánlae ar an Aoine, 15 Bealtaine, chun machnamh a dhéanamh ar fhulaingt an Ghorta Mhóir agus ar ghorta agus ocras ar fud na cruinne. Tá fáilte curtha ag Comhdháil Easpag Caitliceach na hÉireann roimh chinneadh an Rialtais lá cuimhneacháin bhliantúil don Ghorta Mór a réachtáil agus tá nótaí liotúirge eisithe ag an eagraíocht do gach paróiste do sheirbhísí an Domhnaigh, 17 Bealtaine, an chéad Lá Cuimhneacháin Náisiúnta don Ghorta Mór. Chomh maith leis sin, scríobh an tAire Ó Cuív ag na stiúrthóirí pobail agus fiontraíochta sna húdaráis áitiúla chun iarraidh orthu an nóiméad ciúnais a chomhlíonadh ag gach cruinniú pobail agus poiblí.

Cinnteoigh Cumann Sacair na hÉireann go mbeidh nóiméad ciúnais ag gach cluiche a imreofar faoi choimirce an Chumainn ar an Domhnach, 17 Bealtaine. Beidh Cluiche Ceannais Chlubanna na nÓg, a imreofar ag Crois an Tornóra, san áireamh anseo. Tá cuireadh tugtha ag Tennis Ireland do gach eagraíocht agus club leadóige páirt a ghlacadh sa nóiméad ciúnais ar Lá Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir ar an 17 Bealtaine. Beidh an Cumann Lúthchleas Gael ag comhlíonadh nóiméad ciúnais freisin ag gach cluiche craoibhe dá chuid, lena n-áirítear cluichí a bheidh á gcaoladh ar an teilifís agus cluichí a bheidh á n-imirt idir clubanna sna 32 contae agus thar lear. Déanfaidh Oilimpeacha Speisialta na hÉireann comóradh ar an lá le nóiméad ciúnais ag gach ócáid dá gcuid ar an Domhnach agus bhí Comhairle Spóirt na hÉireann i dteagmháil le heagraíochtaí agus le clubanna spóirt ar fud na tíre chun iarraidh orthu páirt a ghlacadh sa lá ómóis.

Dúirt an tAire Ó Cuív: "Tá mé thar a bheith sásta leis an méid grúpaí agus eagraíochtaí a chuir fáilte roimh an moladh agus atá toilteanach a dtacaíocht a thabhairt don chéad Lá Cuimhneacháin Náisiúnta ar an nGorta Mór. Is comhartha cuí ómóis é ar an méid a fulaingíodh in Éirinn mar gheall ar cheann de na tragóidí is mó a tharla riamh i stair na tíre seo. Tá dul chun cinn mór déanta againn ón am sin, ach tá sé tábhachtach nach ndéanfadh muid dearmad ar an am atá caite agus ar an méid a tharla dúinn agus a d'fhág muid mar atá muid sa lá atá inniu ann. Tá go leor daoine ar domhan atá fós ag fulaingt de bharr gorta agus ocras agus ní mór dúinn an taithí agus an tuiscint atá againn féin a úsáid chun aird a tharraingt ar a gcás siúd. Chomh maith leis an gcomóradh idirnáisiúnta a bhí i gCeanada an tseachtain seo caite agus an ócáid náisiúnta a réachtálfar sa Sciobairín ar an Domhnach, 17 Bealtaine, beidh pobail ar fud na tíre ag déanamh comóradh ar an nGorta Mór lena gcuid imeachtaí áitiúla féin. Beidh daoine as gach aoisghrúpa páirteach sa nóiméad ciúnais a bheidh i scoileanna, ag seirbhísí reiligiúnacha agus ag imeachtaí spóirt agus poiblí, bídís beag nó mór, ar fud na tíre."

Críoch